

ceardlann  
**04**

FÓCAS AR AN BHFOGHLAIM  
**SCOLÁIRÍ AG  
MACHNAMH AR  
A BHFOGHLAIM**



# San aonad seo táimid ag foghlaim conas ....

- Ról an mhachnaimh mar chuid thábhachtach den fhoghlaim a phlé
- Straitéisí a aithint a chabhróidh le scoláirí machnamh ar a bhfoghlaim

# Cén fáth a bhfuil an machnamh tábhachtach?

- Spreagann sé scoláirí chun freagracht a ghlacadh as a gcuid foghlama
- Músclaíonn sé feasacht scoláirí ar an eolas agus na scileanna atá siad a fháil
- Méadaíonn sé féinmheas
- Forbraíonn sé cumas scoláirí cáilíocht ina gcuid oibre a aithint
- Cabhraíonn sé leis na príomhscileanna sa tSraith Shóisearach go háirithe Mé Féin a Bhainistiú agus Fanacht Folláin

# Forbraíonn machnamh meiteachognaíocht

Próiseas is ea meiteachognaíocht ina mbíonn an duine feasach ar a phróisis foghlama agus smaointeoireachta trí fhéinmhonatóireacht.

Díríonn sé ar a fheidhmiú féin agus ní i gcomparáid le daoine eile rud atá a fhios againn is cosúla a choinneoidh an t-inspreagadh.


( Measúnú, Stobart and Gibbs 1997, lch 17)



# Cén fáth a gcuirfí machnamh scoláirí chun cinn?

‘Nuair a bhíonn múinteoir amháin agus tríocha scoláire ann agus nuair a thagann an t-aiseolas uile ón múinteoir, níl dóchas ar bith go dtabharfaí go leor aiseolais d’ardchaighdeán.’

Ian Smith (2004)



# Conas a chabhródh piarmheasúnú/aiseolas piara le machnamh scoláirí?

- Tá an t-aiseolas i dteanga a úsáideann scoláirí
- Neartaíonn sé guth an scoláire sa seomra ranga
- Is féidir go mbeidh an t-aiseolas luachmhar dá bharr

# Tá níos mó ná ceartú i gceist....

‘Tá i bhfad níos mó sa phiarmheasúnú agus san fhéinmheasúnú ná earráidí agus laigí a lorg. Is é atá i gceist an rud atá intuigthe de ghnáth a dhéanamh follasach agus mar sin is gá don scoláire a bheith níos gníomhaí ina chuid foghlama. Is amhlaidh is fearr a aithníonn scoláirí cá huair atá siad ag foghlaim agus cá huair nach bhfuil.’

- Black & Wiliam: Working Inside the Black Box

# Is féidir le scoláirí machnamh ar a gcuid foghlama:

- Nuair a scríobhann siad faoina gcuid foghlama
- Nuair a labhraíonn siad faoina gcuid foghlama
- Nuair a dhéanann siad dialann físe faoina n-aistear foghlama
- Nuair a leagann siad síos spriocanna faoina gcuid foghlama
- Nuair a úsáideann siad piarmheasúnú/féinmheasúnú


*“Ní fhoghlaimimid ó thaithí ... Foghlaimimid ó bheith ag machnamh ar thaithí.” Dewey*





## Is féidir le scoláirí machnamh...

- Ag tús an ranga
- De réir mar a bhogann siad trí thopaic
- Ag deireadh an ranga nó ag deireadh sraith ceachtanna



# An tSraith Foghlaim ó Thaithí

Rolfe, Freshwater agus Jasper  
(2001)

# Scoláirí a ullmhú

- Comhroinn intinní foghlama agus critéir ratha
- Déan na próisis mheasúnaithe agus aiseolais a léiriú
- Cothaigh an t-atmaisféar ceart



# Féinmheasunú

Déanann scoláirí  
machnamh ar an *rud*  
atá foghlamtha acu

Déanann scoláirí  
machnamh ar *conas*  
a d'fhoghlaim siad



# Moltar na straitéisí a leanas chun go n-oibreoidh sé

- Bíodh sé ina nós
- Tabhair do na foghlaimeoirí an t-eolas atá de dhíth orthu
- Bíodh éagsúlacht ann
- Cuimhnigh, dála gach scile, glacann sé am chun é a fhorbairt
- Dírigh ar láidreachtaí
- Bíodh ceann scríbe leis
- Mínigh do thuismitheoiri é

# Plé

- I ngrúpaí pléigh na pointí a luadh ar an sleamhnán roimhe seo.
- Conas a thabharfá na straitéisí sin isteach i do sheomra ranga?
- Cad eile a chuirfeá leis na moltaí seo?